**Socrúchán Intéirneach do chéimí**

Tá muid ag lorg céimí cumasach le bheith mar chuid dár bhfoireann margaíochta ag Aerfort Dhún na nGall.

Mar bhall dár bhfoireann Margaíochta, cabhróidh tú linn Aerfort Dhún na nGall a chur chun cinn ar líne. Is éard a bheidh i gceist le do phost ná ár suíomh Gréasáin a bhainistiú, cabhrú lenár straitéis margaíochta a chur i gcrích, ár láithreacht ar na meáin shóisialta a neartú chomh maith le gníomhaíochtaí eile a bhaineann le margaíocht..

**Cad a dhéanfaidh tú:**

Oibreoidh tú lenár bhfoireann agus le gnólachtaí eile chun Aerfort Dhún na nGall a chur chun cinn.

Coinneoidh tú ár suíomh Gréasáin cothrom le dáta agus ár leathanaigh meán sóisialta tarraingteach agus mealltach.

Déanfaidh tú feachtais mhargaíochta ar líne a phleanáil agus a rith.

Soláthróidh tú ábhar ábhartha cothrom le dáta dár Nuachtlitir Mhíosúil.

Rianóidh tú éifeachtúlacht na bhfeachtas agus molfaidh tú feabhsuithe.

**Tá muid ag lorg:**

Céim ollscoile sa mhargaíocht nó in ábhar gaolmhar (uasteorainn ama de cheithre bliana ó bhain tú céim amach).

Eolas ar / Taithí le margaíocht ar líne (meáin shóisialta, SEO, ag cruthú inneachair).

Meon cruthaitheach agus fócas ar thorthaí a bhaint amach.

Scileanna maidir le bogearraí dearaidh ar nós Adobe Illustrator agus Photoshop a úsáid (buntáiste breise é eolas ar Canva).

Is conradh sonraithe é seo ar feadh tréimhse dhá bhliain, ag obair 39 uair sa tseachtain. Bunaithe ar fheidhmíocht, d'fhéadfadh deis a bheith ann do phost buan tar éis don intéirneacht dhá bhliain críochnú.

Tairgeann an ról seo socrú oibre hibrideach a chomhcheanglaíonn obair oifig-bhunaithe agus cianobair..

Líofacht sa Ghaeilge inmhianaithe

*D'oirfeadh an deis seo do Chéimí Margaíochta Digiteach, nó a mhacasamhail, le meon an-dearfach acu agus fonn orthu taithí phraiticiúil a fháil san ionad oibre, i ngach gné d'fheachtais mhargaíochta taistil/turasóireachta.*

Dáta deiridh d'iarratais: Dé hAoine 20 Meán Fómhair

Seol do CV chuig: An Bainisteoir Acmhainní Daonna, Aerfort Dhún na nGall

Ríomhphost: recruitment@donegalairport.ie